

# Buntáiste Breise na Gaeilge!

Óstán Pháirc Bhaile An Róistigh

Seimineár Eolais  
do Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin,  
8 Deireadh Fómhair 2009



## CLÁR

09.30 Fáiltiú agus Clárú

10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

11.00 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltai scoile

11.45 Cur i láthair ó Institiúidí Oideachais Tríú Leibhéal

12.30 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin

13.30 Críoch

---

### Róisín Ní Eadhra, Cathaoirleach

Rugadh agus tógadh Róisín ar an gCeathrú Rua i gConamara. D'fhreastail sí ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) áit ar bhain sí céim onórach BA in Iriseoireacht amach i 1997. I rith a cuid ama san Ollscoil, d'oibrigh sí mar láithreoir nuachta le RTÉ.

I 1997 thosaigh Róisín ag obair le Nuacht TnaG/TG4 agus RTÉ, áit a d'oibrigh sí mar iriseoir agus láithreoir nuachta don tseirbhís Gaeilge agus Béarla go dtí 2003 nuair a ghlac sí post mar iriseoir le Léargas/Cláir Ghaeilge in RTÉ. Ó 2005, tá Róisín ag obair mar iriseoir lán-aimseartha i seomra na nuachta in RTÉ, ar ghné scéalta don chlár Nationwide ach go háirit.

### Bláthnaid Ní Dhonnchadha

Rugadh agus tógadh Bláthnaid Ní Dhonnchadha in Inis, Co. an Chláir. D'fhoghlaim sí a cuid Gaeilge ar scoil, d'fhreastail sí ar Ghaelscoil agus Gaelcholáiste. Tar éis di scrúdú na hArdeistiméireachta a dhéanamh bhog sí go dtí cathair Chorcaí chun céim a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Cheol in Ollscoil Chorcaí.

Bhain sí Ard-Diplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach amach le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá sí ag obair le cúrsaí teilifíse ó 2005. Cuireann Bláthnaid an clár Paisean Faisean i láthair ar TG4.

### Tomás Mac Gearailt

Is ó Chill Chúile i gCorca Dhuibhne é Tomás ó dhúchas, agus is bunaitheoir agus úinéir an chomhlacht Bárd na nGleann é. Chuir sé tús le Bárd na nGleann i mBéal Átha'n Ghaorthaoidh i 1999, agus an fo-chomhlacht, Bárd International i Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 2001. Ainmníodh Bárd ar Chomhlacht na Bliana Chontae Chorcaí sa bhliain 2005.

Sa bhliain 2005 bhuaigh [www.gaeltalk.net](http://www.gaeltalk.net) duais Eorpach na Teanga as múineadh na Gaeilge thar an idirlíon. Tá [www.litriocht.com](http://www.litriocht.com) ag díol leabhair Gaeilge ar fud an domhain.



## **Máire Killoran**

Tá Máire Killoran ag obair ina stiúrthóir in Oifig an Choimisinéara Teanga – oifig Ombudsman don Ghaeilge atá lonnaithe ar an Spidéal i gCo. na Gaillimhe. Roimhe seo ba í Máire céad-cheannasaí ar chiste nua craoltóireachta i dTuaisceart Éireann a d’eascair as Comhaontú Aoine an Chéasta – an Ciste Craoltóireachta Gaeilge.

Ba í an chéad-chomhfhreagraí ag Nuacht TG4 i dTuaisceart Éireann. Tar éis di an ollscoil a fhágáil, thosaigh sí amach mar mhúinteoir bunscoile sula bhfuair sí post mar iriseoir agus mar léitheoir nuachta le Nuacht TG4. Tá cáilíochtaí tríú leibhéal aici sa dlí, san oideachas agus sa chumarsáid agus tá Máistreacht i Riarachán Gnó aici.



## **Niamh Ní Shúilleabháin**

Rugadh agus tógadh Niamh Ní Shúilleabháin i gCillín Chrónáin i dTuaisceart Chontae Chorcaí, croílár Chúige Mumhan. Bhain Niamh céim sa Dlí agus sa Ghaeilge amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Mar Fheidhmeannach Tograí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, tá Niamh freagrach as tionscnaimh na Comhdhála a riaradh chun ról na Comhdhála mar fhoras pleanála do phobal na Gaeilge a neartú. Tá nuachtlitreacha na Comhdhála faoina cúram chomh maith leis na láithreáin gréasáin Gaelport.com, Tóstal.ie agus Cogar.ie. Anuas ar sin tá Niamh freagrach as faireachán agus monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí Thithe an Oireachtais agus cúrsaí reachtaíochta a bheadh tionchar acu ar an nGaeilge.



## **Sinéad Ní Loideáin**

Is ón gCeathrú Rua do Shinéad Ní Loideáin agus í ag obair anois le TG4 le seacht mbliana anuas. D’fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus bhain céim amach sa Socheolaíocht, Polaitíocht agus sa Ghaeilge. Is ansin a shocraigh sí tabhairt faoin Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach. Fuair sí taithí oibre in TG4 dá bharr agus thosaigh ag traenáil le cúrsaí láithreachais.

Tá réimse éagsúil cláir déanta aici ó shin; Féilte, Pop 4, Deis Roc agus Cúla 4 ina measc agus freisin í mar aoi speisialta ar roinnt cláir eile. Is láithreoir aimsire í faoi láthair le TG4.



## Áine Ní Shléibhín

Is Oifigeach Forbartha í Áine le Gael Taca agus is as Corcaigh í ó dhúchas. Bhain sí céim sna Dána amach sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh chomh maith le hArd Dioplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

D'oibrigh sí mar chúntóir léirithe, agus mar thaighdeoir scrípte le linn a tréimhse ag obair le Ros Na Rún sa Spidéal, i gCo. na Gaillimhe. D'oibrigh Áine mar Bhainisteoir Léirithe ar an gclár Bean an Tí agus ar an gclár Paisean Faisean, agus mar thuairsceoir ar an gclár Pobal do RTÉ 1.



## Emer Ní Fhlaitheartaigh

Tá Emer ag obair mar Oifigeach Forbartha Gaeilge i gComhairle Contae an Chláir le sé bliana anuas. Tá sí ina ball de Choiste Logainmneacha an Chláir, d'Fhóram Gaeilge an Chláir, agus de Choiste Ghlór na hInse.

Tá céimeanna sa dlí aici agus tá sí i lár Máistreacht i Staidéar Meáin Chumarsáide Éireannacha a chur i gcrích. Taobh amuigh den láthair oibre, bíonn Emer an-bhainteach le cúrsaí drámaíochta, ina measc drámaíocht na Gaeilge.



**AN fáinne**  
*Léirigh do nasc leis an nGaeilge*

*aontacht  
leanúnachas  
comhlántacht  
sioraíocht*

*Ceannaigh An Fáinne ar  
[www.fainne.ie](http://www.fainne.ie)*

 Comhdháil  
Náisiúnta  
na Gaeilge  gaelport  
com

